Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13029/25

COPEN 272
CYBER 252
ENFOPOL 330
JAI 1275
DATAPROTECT 222
COSI 163
IXIM 199
CATS 46
FREMP 241
TELECOM 310
CT 117

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rochtain ar shonraí maidir le hionchúisimh choiriúla éifeachtacha – Staid na himeartha |

Is tosaíocht don Chomhairle é rochtain dhleathach ar shonraí maidir le cumarsáid leictreonach a áirithiú chun críoch fhorfheidhmiú an dlí agus imscrúduithe coiriúla agus tá gá ar leith leis i gcomhthéacs chomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe agus na sceimhlitheoireachta.

Ag eascairt as an obair a rinne an Grúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí (dá ngairtear an Grúpa Ardleibhéil anseo feasta) a d'eisigh moltaí[1] i mí na Bealtaine 2024 agus tuarascáil chríochnaitheach[2] i mí na Samhna 2024, agus na conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí[3] ón 12 Nollaig 2024, thíolaic an Coimisiún treochlár le haghaidh rochtain dhleathach éifeachtach ar shonraí d'fhorfheidhmiú an dlí[4] an 24 Meitheamh 2025 ('an Treochlár'). Sna conclúidí uaithi an 26 Meitheamh 2025, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar Institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach a neartú, lena n-áirítear maidir le rochtain éifeachtach ar shonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.[5]

Go háirithe, ba mhaith leis an Uachtaránacht aird na n-airí dlí agus cirt a tharraingt ar na saincheisteanna a bhaineann le coinneáil sonraí (1), le hidircheapadh dleathach cumarsáide (2) agus leis an dúshlán cothrománach a ghabhann le criptiú (3).

1. Coinneáil sonraí

Tagraíonn 'coinneáil sonraí' don oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhíse sonraí nach inneachar iad (faisnéis síntiúsóirí, seoltaí IP, meiteashonraí tráchta agus suímh) a choinneáil ar feadh tréimhse áirithe ama ionas gur féidir iad a chur ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí chun críche imscrúduithe coiriúla.

Dhírigh an Grúpa Ardleibhéil ceann de na trí chaibidil dá thuarascáil deiridh ar choinneáil sonraí. As measc na bpríomh-shaincheisteanna sa tuarascáil, leagtar béim inti ar ilroinnt reatha na reachtaíochta náisiúnta agus ar na dúshláin bhreise a bhaineann le soláthraithe seirbhísí ar líne (OTTanna), lena n-áirítear aipeanna teachtaireachtaí a úsáidtear go forleathan le haghaidh fóin phóca. Mar réitigh fhéideartha, luann an Grúpa Ardleibhéil go bhféadfaí rialacha íosta comhchuibhithe maidir le coinneáil agus rochtain a bhunú. Molann sé freisin go ndéanfaí an comhar idir soláthraithe seirbhíse agus cleachtóirí a threisiú.

---

[1] 11281/24.
[2] 15941/2/24 REV2.
[3] 16448/24.
[4] 10806/25.
[5] EUCO 12/25.



PUBLIC

Sa Treochlár, cuireann an Coimisiún in iúl go n-ullmhóidh sé measúnú tionchair d'fhonn rialacha an Aontais maidir le coinneáil sonraí a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is iomchuí. Seoladh an measúnú tionchair i mí na Bealtaine 2025 agus meastar go dtabharfar chun críche é sa chéad ráithe de 2026. Tathantaíonn an Coimisiún ar Europol agus ar Eurojust tuilleadh oibre a dhéanamh chun an comhar le soláthraithe seirbhíse cumarsáide a chuíchóiriú agus, i gcomhar leis na soláthraithe sin, catalóg a fhorbairt de na sonraí a phróiseálann siad chun a gcríoch gnó.

Sa Chomhairle, díríodh an cruinniú den Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN) 19 Bealtaine 2025 ar shaincheist na coinneála sonraí, agus cuireadh béim ar thogra reachtach ón Aontas a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir leis an ábhar sin. Tionóladh an dara cruinniú an 25 Meán Fómhair 2025, inar phléigh Meitheal COPEN an t-inneachar oiriúnach agus na critéir oiriúnacha don ionstraim sin, i bhfianaise na gceanglas a leagtar amach i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) freisin. Ba é an cuspóir sa dá chás tuairimí a phlé agus ionchur a chur ar fáil d'obair leanúnach an Choimisiúin.

Ag brath ar thoradh mheasúnú tionchair an Choimisiúin, measann an Uachtaránacht go bhféadfaí tús a chur leis an bplé ar thogra reachtach le haghaidh rialacha an Aontais maidir le coinneáil sonraí mar chloch mhíle don bhliain 2026.

2. Idircheapadh dleathach cumarsáide

Cuireann idircheapadh dleathach ar chumas na n-údarás rochtain cheilte a fháil ar chumarsáid i bhfíor-am[6].

Sa tuarascáil deiridh uaidh, thug an Grúpa Ardleibhéil dá aire gurb amhlaidh, 'in ainneoin gur uirlis riachtanach fós é idircheapadh dleathach teileachumarsáide traidisiúnta i roinnt imscrúduithe, go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar éifeachtacht an bhirt sin toisc gur gníomhaithe eile den chuid is mó a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide anois; seoltar thart ar 97 % de na teachtaireachtaí móibíleacha go léir trí aipeanna teachtaireachtaí ar nós WhatsApp, Facebook Messenger agus WeChat, agus ní chuimsíonn teachtaireachtaí SMS ná MMS traidisiúnta ach thart ar 3 % de na teachtaireachtaí' (aistriúchán neamhoifigiúil).

[6] Cumhdaítear leis freisin rochtain ar chumarsáid gan mórán moille mar a mhínítear a thuilleadh i dtuarascáil deiridh an Ghrúpa Ardleibhéil.

Thug an Grúpa Ardleibhéil roinnt moltaí, lena n-áirítear moltaí d'fhonn iarrataí ar idircheapadh dleathach a dhéanamh in-fhorfheidhmithe le haghaidh gach cineál soláthraí seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Áirítear orthu sin sainmhíniú agus raon feidhme an idircheaptha dhleathaigh a shoiléiriú, coimircí riachtanacha a shainaithint, coincheap na dlínse críche ar shonraí a shoiléiriú, féachaint ar an gcaoi a bhféadfadh an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach tacú ar bhealach níos fearr le hiarrataí éifeachtúla trasteorann ar idircheapadh dleathach agus forbairt comhaontuithe déthaobhacha maidir le rochtain fíor-ama ar shonraí le tríú Stáit a chothú. San fhadtéarma, bunaithe ar anailís bhreise agus ar mheasúnú tionchair, molann na saineolaithe ionstraim de chuid an Aontais maidir le hidircheapadh dleathach a cheapadh (arbh é a bheadh inti dlí bog nó ionstraimí dlíthiúla ceangailteacha) chun críocha fhorfheidhmiú an dlí lena mbunófaí oibleagáidí in-fhorfheidhmithe do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí san Aontas.

Ina Threochlár, cuireann an Coimisiún in iúl go molfaidh sé bearta chun éifeachtúlacht iarrataí trasteorann a fheabhsú, ionstraimí atá ann cheana, mar shampla an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach, a neartú (faoi 2027), agus féachaint ar bhearta chun cothrom iomaíochta a chruthú do gach cineál soláthraí cumarsáide, agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige is éifeachtúla chun dul i ngleic leis na soláthraithe neamh-chomhoibríocha.

Le linn Uachtaránacht na Danmhairge, iarrfar ar na Ballstáit a gcleachtais agus a dteorainneacha reatha a chomhroinnt maidir le bearta trasteorann idircheaptha dleathacha a chur chun feidhme, go háirithe i gcomhthéacs an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh agus na gcomhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha.

3. Saincheist chothrománach an chriptiúcháin

Tá sé tábhachtach béim a leagan ar an dúshlán a ghabhann leis an gcriptiú maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh imscrúduithe coiriúla éifeachtacha, lena n-áirítear na saincheisteanna a bhaineann le coinneáil sonraí agus idircheapadh dleathach a luaitear thuas. Úsáideann go leor seirbhísí an criptiú ó cheann go ceann anois chun rúndacht na cumarsáide, an phríobháideachais agus na cibearshlándála a chosaint, agus, mar gheall air sin, d'fhéadfadh sé a bheith thar a bheith deacair do na húdaráis forfheidhmithe dlí rochtain a fháil ar shonraí cumarsáide.



PUBLIC

Fógraíonn an Coimisiún ina Threochlár go gcuirfidh sé Treochlár Teicneolaíochta sonrach maidir le criptiú i láthair in 2026 chun réitigh a shainaithint agus a mheas, lena gcumasófar rochtain dhleathach ar shonraí criptithe, agus an chibearshlándáil agus cearta bunúsacha á gcosaint ag an am céanna. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá grúpa saineolaithe á chur ar bun ag an gCoimisiún a bhfuil sé beartaithe aige tús a chur leis an obair i bhfómhar na bliana 2025.

Tacóidh an Coimisiún freisin le taighde agus forbairt acmhainneachtaí nua díchriptithe chun cumas díchriptithe na chéad ghlúine eile a thabhairt do Europol (ó 2030 ar aghaidh).

PUBLIC

**Na chéad chéimeanna eile agus comhordú**

Tá an tsaincheist maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh imscrúduithe coiriúla éifeachtacha casta agus tá cur chuige ildisciplíneach ag teastáil ina leith. Ar mhaithe le héifeachtúlacht na hoibre a dhéanfar amach anseo agus chun a áirithiú go gcuirfear gach gné san áireamh, measann Uachtaránacht na Danmhairge go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh comhlachtaí ullmhúcháin éagsúla na Comhairle rannpháirteach, lena n-áirítear iad siúd atá i gceannas ar an tslándáil inmheánach agus ar an gcomhar i bhforfheidhmiú an dlí, ar an gcomhar in ábhair choiriúla, agus ar an gcibearshlándáil. Sna conclúidí ón gComhairle an 12 Nollaig 2024, chuir an Chomhairle de chúram ar an mBuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI), i gcomhar leis an gCoiste Comhordúcháin i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (CATS), cur chun feidhme an Treochláir a chomhordú, a phlé agus faireachán a dhéanamh air. D'ullmhaigh Uachtaránacht na Danmhairge forléargas mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí, le roinnt na gcúraimí agus amlíne, a mheas COSI an 18 Meán Fómhair 2025.[7]

Measann Uachtaránacht na Danmhairge go bhfuil sé an-tábhachtach a áirithiú go leanfaidh na hairí gnóthaí baile agus na hairí dlí agus cirt araon de shúil ghéar a choinneáil ar na forbairtí maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí, agus é de chuspóir aici na huirlisí is gá a chur ar fáil d'fhorfheidhmiú an dlí chun coireanna a ionchúiseamh go héifeachtach agus cearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán. Chuige sin, ullmhófar nóta faisnéise le cur chuig an gComhairle ag deireadh théarma na hUachtaránachta ina gcuimseofar na gníomhaíochtaí a dhéantar laistigh de struchtúir éagsúla na Comhairle.

---

[7] 12381/25.